

Splañc

Caibidil 3
2021-2022

Saoire ó thuaidh!

Bhuel, a Lorcáin, fuaireamar an briseadh lár téarma tráthnóna Aoine 18 Feabhra agus bhí áthas an domhain orm cúl a thabhairt leis na leabhair ar feadh tamaill.



ansiúd sa dá áit, is cosúil go bhfuil deireadh leis an seanachrann, buíochas le Dia.

Cathair bheag í Beal Feirste agus níl sí salach ná torannach. Tá muintir na háite an-chairdiúil freisin agus bhí an-spórt againn lenár gcol ceathracha, Úna agus Dónal. Bhí brón orainn agus muid ag imeacht maidin Shathairn.



Chodail mé go sámh go meán lae ar an Satharn. An mhaidin chéanna, labhair Mam ar an bhfón le m'aintín Deirdre i mBéal Feirste. Creid nó na creid, thug Deirdre cuireadh dom féin agus do mo dheartháir, Seán, cúpla lá a chaitheamh léi féin agus lena teaghlach.

Maidin Luain, bhailigh Uncail Séamas an bheirt againn ó Stáisiún Lanyon Place i mBéal Feirste. Tugadh seomra breá compordach dúinn i dteach Dheirdre, pé scéal é, agus leag sí dinnéar breá ar an mbord dúinn gach tráthnóna.

Le linn dúinn a bheith sa chathair thugamar cuairt ar iarsmalann an Titanic agus bhí sé an-spéisiúil ar fad. Chomh maith leis sin, chaitheamar seal in Short Strand, ceantar na ndílseoirí, agus ar Bhóthar na bhFál. ceantar náisiúnach. Agus, cé go bhfuil rian na dtrioblóidí fós le feiceáil anseo is

Cuir scairt orm nó seol ríomhphost chugam nuair a bheidh deis agat, a Lorcáin. Idir an dá linn, tabhair aire duit féin.

Do chara,
Gearóid.

iarsmalann = músaem dílseoir *loyalist*

rian = marc, lorg *trace*

achrann = bruíon, clampar, trioblóid

Tascanna

- 1 Déan beagán taighde ar stair an *RMS Titanic*.
- 2 Tarraing pictiúr den long mhór chailiúil sin. (Gheobhaidh tú neart íomhánna ar an idirlíon!)
- 3 An raibh tú i mBéal Feirste riamh? Má bhí, inis do scéal don rang.

An Chathair Naofa!

Thug an múinteoir staire, an tUasal Ó Ríordáin agus beirt mhúinteoirí eile, an rang an fad ar turas go dtí an Róimh i mí Feabhra. Tar éis dhá uair go leith san aer, bhaineamar amach príomhchathair na hIodáile. Bhí an aimsir cineálta bog, gan a bheith róthe ná rófhuar, buíochas le Dia.



D'fhanamar in óstán beag i lár na cathrach agus chuaigh glór an tráchta idir muid agus codladh na hoíche ar feadh cúpla lá. Ach, de réir a chéile, shocraíomar síos.

Is breá liom bia na hIodáile, píotsa agus pasta ach go háirithe. D'itheamar ár sáith gach lá i mbialann an óstáin. Thugamar cuairt ar na láithreacha stairiúla ar fad sa Róimh – ach ba iad an Vatacáin, an Fóram agus an Colasaem ba mhó a thaitin linn.



I lár na seachtaine, thug na múinteoirí tráthnóna saor dúinn chun beagán siopadóireachta a dhéanamh agus chuaigh mé féin agus mo chara, Niall, chuig ceantar siopadóireachta ar an Metro. Bhí tráthnóna breá againn ag siúl thart agus ag breathnú ar na nithe a bhí ar díol, ach níor

cheannaíomar aon rud. Ina dhiaidh sin, d'itheamar béile i mbialann taobh leis an stáisiún Metro.

Díreach agus muid ar an traein le filleadh ar an óstán, mhothaigh mé teagmháil éigin i mo mhála láimhe. Rug mé greim daingean ar mo vallait agus lig mé scread asam. D'fhéach mé timpeall agus chonaic mé an gadaí ag éalú suas an staighre beo. Leaid óg a bhí ann! Déagóir, b'fhéidir! Shuigh mé síos ar chathaoir mhiotail, mar baineadh an-gheit asam agus bhí crith cos agus lámh orm ar feadh tamaill.



D'inis mé an scéal do na múinteoirí san óstán agus chuir an tUasal Ó Ríordáin glao ar na póilíní. Ach níor chualamar faic eile faoi ngadaíocht ina dhiaidh sin.

É sin ráite, níor chuir an eachtra bheag scanrúil sin isteach ar an gcuid eile den tsaoire a bheag ná a mhór!

teagmháil *touch*

staighre beo = **staighre creasa** *escalator*

Tascanna

- 1 Bailigh roinnt eolais faoin gColasaem ar an idirlíon agus déan cur i láthair faoi os comhair an ranga.
- 2 Ar goideadh aon rud uait riamh? Inis an scéal don rang.



Comhrá daoibh

Stiofán Dia duit, a Chaoimhín.
Aon scéal agat?

Caoimhín Dia is Muire duit, a
Stiofáin. Diabhal scéal!
Aon scéal agat féin?

Stiofán Tá – agus scéal mór! Ar
chuala tú go mbeimid ag
bogadh ó Bhaile Átha
Cliath go Caisleán an
Bharraigh i gceann
cúpla mí?

Caoimhín Ó, a dhiabhail! Agus
cén fáth a bhfuil sibh ag
imeacht ó Mhullach Íde,
a Stiofáin?

Stiofán Bhuel, a Chaoimhín, is as Contae
Mhaigh Eo mo thuismitheoirí agus
tá siad éirithe tinn tuirseach den
trácht agus den bhrú i mBaile Átha
Cliath. Tá jab nua faighte ag Daid i
gCaisleán an Bharraigh agus tá sé i
gceist ag Mam éirí as a post mar
altra.

Caoimhín Ach cad fútsa? An bhfuil tú féin
sásta bogadh?

Stiofán Níl a fhios agam go fóill. Is breá
liom an scoil seo agus na cairde go
léir atá agam i gClub Chumann
Lúthchleas Gael. Beidh sé deacair
tosú as an nua, is dócha.



Caoimhín Is dócha go mbeidh, ach beidh
gaolta do thuismitheoirí thart
timpeall ort – agus páistí acusan,
déarfainn.

Stiofán Beidh – agus b'fhéidir go
gcabhróidh siadsan liom aithne a
chur ar chairde nua. Cá bhfios?

Caoimhín An bhfuil mórán eolais agat faoi
Chaisleán an Bharraigh?

Stiofán Ó, tá! Chaithimis saoire samhraidh
ann go minic nuair a bhí Daideo
agus Mamó beo. Bhí feirm bheag
acu agus bhíodh saoirse agus spraoi
againn sna páirceanna.

Caoimhín Ar aghaidh linn go dtí an rang
Gaeilge anois, pé scéal é, a
Stiofáin.

Stiofán Ceart go leor!

Tascanna

- 1 Cad iad na buntáistí a
bhaineann le saol na tuaithe,
dar leat? Scríobh alt gairid faoi
sin.
- 2 Cad iad na buntáistí a
bhaineann le saol na
cathrach, dar leat? Scríobh
alt gairid faoi sin.
- 3 Déanaigí suirbhé ranga faoin
gceist seo.



Toirc allta sa Róimh!

1 Samhlaigh an íomhá seo! Tá muintir na Róimhe ag siopadóireacht i gceann de bhruachbhailte na cathrach. Brúnn siad na tralaithe rompu, amach as an ollmhargadh go dtí an clós páirceála. Stadann siad ag an gcarr agus osclaíonn an búit.

2 Díreach ansin feiceann siad ocht gcinn de thoirc allta ag siúl idir na carranna – ceithre cinn mhóra agus ceithre cinn óga. Leanann siad bean amháin agus í ag filleadh ar a carr féin. Sracann torc mór amháin an mála bia atá ag an mbean agus brúnn sé í féin i gcoinne thaobh an chairr.



3 “Fan amach uaim! Fan amach uaim!”, a screadann an bhean in ard a cinn is a gutha. Caitheann sí an bia go léir ar an talamh agus ligeann do na toirc féasta a bheith acu.

4 Teitheadh sí ansin ar chosa in airde agus faitíos uirthi roimh na toirc allta bhagacha seo! Scaip an físeán beag a rinneadh den eachtra seo ar fud na meán sóisialta le luas lasrach.

5 Deir Fabio Grilli, eagarthóir ar stáisiún nuachta áitiúil, gur thosaigh na toirc ag teacht isteach sna bruachbhailte sa bhliain 2015. Tagann na hainmhithe seo isteach ó choillte is ó chnoic ar imeall na Róimhe agus is éard is cúis lena dteacht ná ocras.

6 Feictear na toirc ar cheamaraí – iad ag smúrthacht thart ar bhoscaí agus ar chairn bhruscair ar fud na háite. Creideann daoine

áirithe gur míolra iad agus gur cheart fáil réidh leo le gunnaí más gá! Creideann daoine eile gur ceist í seo a bhaineann le cearta ainmhithe agus gur cheart do chách a bheith cineálta leo.



7 Creideann Maurizio Gubbiotti, ón Anaclann Náisiúnta Dúlra, go gcaithfidh an éiceolaíocht a chosaint ar na hainmhithe seo. Ní toirc dhúsacha iad, a deir sé, ach cinn a tugadh isteach ó oirthear na hEorpa tamall de bhlianta ó shin. Níl aon rogha ag muintir na Róimhe ach srian a chur le líon na dtorc agus fadhb an bhruscair a réiteach freisin, dar leis.

torc = muc fhiáin **allta = fiáin**
bruachbhaile *suburb* **srac = stróic** *tear*
teith = éalaigh *flee, escape*
bagrach *menacing* **faitíos = eagla**
smúrthacht *sniffing*
míolra *vermin* **éiceolaíocht** *ecology*
Anaclann Dúlra *Nature Reserve*

Tasc

1 Déan taighde ar an idirlíon faoi na toirc sa Róimh. Bailigh grianghraif agus fiséain – agus taispeáin don rang iad.

Ceisteanna

- 1 Cén íomhá a chuirtear os ár gcomhair in alt a haon?
- 2 Céard a dhéanann an torc mór? (Alt 2)
- 3 Cad deirtear faoin mbean? (Alt 3)
- 4 Cén chaoi ar tugadh eolas don phobal faoin eachtra seo? (Alt 4)
- 5 Cad chuige a dtagann na toirc isteach sa chathair? (Alt 5)
- 6 Mínigh an dá thuairim atá ag daoine faoi na toirc. (Alt 6)
- 7 Cad deir Maurizio Gubbiotti? (Alt 7)

Laoch an oighir

Rugadh Ernest Shackleton ar fheirm bheag i gContae Chill Dara, ach is ar an bhfásach ó dheas, faoi bhrat oighir ag an Antartach, a smaoiníonn daoine nuair a luaitear a ainm. Rinne sé ceithre thuras go dtí an tAntartach le linn a shaoil. Ba cheannaire maith é. Thugadh sé aire mhaith dóibh siúd a leanadh é agus thugadh sé abhaile slán iad i gcónaí.

Chaith Ernest blianta a óige ag léamh faoi thurais go háiteanna i bhfad i gcéin. Bhíodh sé ag brionglóideach faoi thurais go háiteanna nár leag an duine daonna cos orthu riamh. Bhí spéis faoi leith aige sa Phol Thuaidh agus sa Phol Theas – agus ba bhreá leis cos a leagan ar an dá áit sin.



Faoraor, níor shroich siad an Pol Theas riamh, ach d'fhill Shackleton ar an gceantar arís ina long féin, an Nimrod. Níor éirigh leis-sean an Pol Theas a bhaint amach ach oiread! Rinne Robert Falcon Scott iarracht eile, ach bhuaigh Roald Amundsen ón Iorua an rás agus shroich sé an Pol Theas i mí na Nollag 1911! Ar an drochuair, fuair Scott agus ceathrar eile bás den fhuacht ar a mbealach ar ais abhaile. Cailleadh Ernest Shackleton ar bord a loinge, *Quest*, ar 5 Eanáir 1922.

fásach = **díthreabh** *desert*

Cabhlach Ríoga *Royal Navy*

taiscéalaíocht *exploring*

mairnéalach *sailor* **dó seaca** *frostbite*

ladhar = **méar coise** *toe*



Cé gur mhian lena athair go mbeadh Ernest ina dhochtúir, cosúil leis féin, lean Ernest malairt slí. Agus é sé bliana déag d'aois, d'fhág sé an scoil ina dhiaidh agus liostáil sé sa Chabhlach Ríoga. Chaith sé deich mbliana ag seoladh ar fud an domhain agus d'fhoghlaim sé faoin bhfarraige agus faoi bháid is longa.

Faoi dheireadh tugadh post dó ar bord loinge, darbh ainm *Discovery*, a bhí ag dul ar turas taiscéalaíochta go dtí an tAntartach. Robert Falcon Scott a bhí ina chaptaen.

Ba cheantar an-bhaolach é an tAntartach agus cailleadh go leor mairnéalach de bharr fuachta agus timpistí. Chuir an dó seaca eagla an domhain ar gach duine ar an long – agus chaill a lán acu méara agus ladhracha dá bharr.

Tasc

Lig ort go bhfuil tú ar bord an *Nimrod* le Shackleton. Déan cur síos ar ghnáthlá ar an long.





Cúigear a bhíonn ar gach foireann – agus deichniúr eile ar an taobhlíne. Leanann an dearbaí ar feadh uair an chloig, le sos tar éis gach babhta dhá nóiméad. Bíonn *jammer* amháin ar gach foireann agus ceathrar blócalaithe ag iarraidh cosc a chur air. Faigheann an *jammer* pointe amháin aon uair a éiríonn leis dul thar bhlocalaí. Níl sé ceadaithe breith ar aon imreoir eile, ar ndóigh.

Ba in Chicago a cuireadh tús le spórt na scátála sna naoi déag tríochaidí. Nuair a chuala an tionscnóir imeachtaí, Leo Saltzer, go raibh suim mhór ag muintir Mheiriceá sa scatáil, bheartaigh spórt úr a bhunú uirthi.

Ba chaitheamh aimsire an-bhaolach í ag an tús – mar gheall ar imreoirí a bheith ag iarraidh daoine eile a leagadh chun pointí a ghnóthú dá bhfoireann. Ach d'éirigh na rialacha ní ba dhoichte le himeacht ama. *Derby* (Dearbaí) a thugtar ar chomórtas scátála.



D'imigh an spórt seo as faisean ar feadh na mblianta, ach tháinig sé chun cinn arís in Texas sa bhliain 2003, nuair a bhunaigh scata ban an *Texas Roller Derby*. Chomh maith leis sin, bhí an t-aisteoir, Drew Barrymore, ina stiúrthóir ar an scannán '*Whip It*' sa bhliain 2009. Is scannán é faoi dheagóir a ghlac páirt sa spórt seo i ngan fhios dá tuismitheoirí – agus faoinar tharla di ina dhiaidh sin. Tá an bhéim ar fad ar na himreoirí agus déantar gach iarracht iad a chosaint ó ghortú d'aon saghas. Caitheann gach imreoir clogad, cumhdach caoil láimhe agus pillíní glúine is uillinne. É sin ráite, is spórt fisiciúil é agus tuigeann na himreoirí ar fad é sin. Is féidir teacht ar eolas faoi spórt na scátála agus faoin gcumann is cóngaraí duit in Éirinn ar line ag irishrollerderbynews.com.

Bainigí taitneamh as!

tionscnóir imeachtaí *event promoter*
docht strict **blocálaí** *blocker*
cumhdach caoil láimhe *wristguard*
pillín glúine *knee-pad*

Tasc

- 1 An ndeachaigh tú féin ag scatáil riamh? Labhair leis an rang faoi sin.
- 2 Déan taighde ar line faoi shaol Leo Seltzer agus roinn leis an rang é.



Déagóir uailmhianach!

D'éirigh le déagóir, arb as an mBeilg agus an mBreatain a cuid gaolta, éacht mór a dhéanamh le déanaí, nuair ba í an bhean ab óige riamh í a d'eitil ina haonar thart timpeall na cruinne. In aerárthach, *Shark Ultralight*, a rinne sí an t-éacht sin – agus ghlac an t-aistear cúig mhí!

Thuirling Zara Rutherford, naoi mbliana déag d'aois, sa Bheilg, in Aerfort Kortrijk-Wevelgem tar éis dí aistear 51,000km a chur di os cionn 52 thír – san aerárthach is tapúla agus is éadroime ar domhan!

“Ní dhéanfainn arís é ar ór ná ar airgead,” ar sise, le linn di a bheith i sráidbhaile beag sa Ghearmáin, áit ar ghlac sí sos sular eitil sí abhaile go dtí an Bheilg.

“Bhain mé an-sult as an turas, ach ó am go chéile, baineadh an t-anam asam.” Agus dúirt sí gurbh iad an dá rud ba mhó ar bhain sí taitneamh astu ná a bheith ag eitilt os cionn Nua-Eabhrac agus thar bholcán beo san Íoslainn.

Cuireadh moill mhíosa ar Zara in Alasca mar gheall ar dhrochaimsir agus ar dheacrachtaí a bhain lena víosa. Chuir stoirm gheimhridh in oirthear na Rúise moill fhada uirthi den dara huair – sular thaistil sí go deisceart na hÁise,

ansin go dtí an Mheánoirthear agus, ina dhiaidh sin, ar ais chun na hEorpa.

Chun rialacha a bhain leis an turas a chomhlíonadh, thuirling sí in dhá áit atá os coinne a chéile ar domhan – Jambi san Indinéis agus Tumaco sa Cholóim.

Bhíodh sí ag cleachtadh eitilte lena hathair ó bhí sí ceithre bliana déag d'aois agus bhain sí amach ceadúnas píolóta sa bhliain 2020. I láthair na huaire, ba mhaith léi staidéar a dhéanamh ar an innealtóireacht – in ollscoil éigin sa Bhreatain nó na Stáit Aontaithe.



Ba bhreá léi a bheith ina spásaire amach anseo – agus tá súil aici go spreagfaidh an t-éacht a rinne sí mná eile le suim a chur san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san eitleíocht.

“Is minic a spreagtar cailíní le bheith álainn, cineálta, cabhrach agus deas,” a deir sí. “Ach

ba mhaith liomsa iad a spreagadh chun a bheith misniúil agus uaimhianach – ionas go bhfíorófar a gcuid bríonglóidí.”

uaimhianach *ambitious*

aerárthach = eitleán *aircraft*

éacht = gníomh gaisce *feat*

baineadh an t-anam asam = scanraíodh go mór mé

bolcán beo *active volcano*

os coinne *opposite to*

an Cholóim *Colombia*

spásaire *astronaut*


eitlíocht *aviation*

fíoraigh = comhlíon *fulfil*

uaimhianach = ardaidhmeannach *ambitious*



Crosfhocal



Trasna

2 ceann de mhór-ranna an domhain (2,7)

5 cineál eitleáin (10)

6 trí thír suite soir ó Éirinn (2,9)

8 cailleadh ama (5)

9 taistealaí sa spás (8)

12 tír san Eoraip (2,6)

14 sliabh trí thine? (6)

15 cathair sna Stáit Aontaithe (2-7)

Síos

1 duine idir 11 agus 19 mbliana d'aois (7)

3 an domhan (2,8)

4 baile beag faoin tuath (11)

6 turas (7)

7 oileán mór san Atlantach Thuaidh (2,8)

10 duine a stiúrann eitleán (7)

11 áit ina dtuirlingíonn eitleáin (7)

13 pas taistil (5)

Freagraí san aguisín idirlín

Ceisteanna

1. Cén t-éacht a rinne an déagóir?

2. Cá fhad a lean an

t-aistear?

3. An mó tír ar eitel Zara os a gcionn?

4. Luaigh an dá rud ba mhó ar bhain sí taitneamh astu.

5. Cén dá mhoill a cuireadh uirthi? Cad ba chúis leo?

6. Breac síos riail nó coinníoll amháin a bhain leis an turas.

7. Cathain a thosaigh Zara ag cleachtadh eitilte lena hathair?

8. Cad ba mhaith léi a dhéanamh amach anseo?

9. Cén dóchas atá aici do chailíní an domhain?

10. Cur síos gairid uait (cúig abairt nó níos mó) ar éacht a rinne tú féin, a bhfuil tú bródúil as. Léigh do chuntas amach don rang.

Cúinne na gramadaí



An aimsir chaite

Úsáidtear an aimsir chaite nuair a bhíonn an t-am atá thart i gceist.

Foclóir úsáideach!

inné an tseachtain seo caite anuraidh
an mhí seo caite an samhradh seo caite
aréir fadó tráth dá raibh
arú inné cúpla bliain ó shin

Briathra rialta

Leid

- ☛ Séimhítear an briathar nuair a thosaíonn sé ar chonsan.
póg – phóg caith – chaith
- ☛ Cuirtear d' roimh bhriathar a thosaíonn ar ghuta.
oscail – d'oscail éirigh – d'éirigh
- ☛ Cuirtear d' + séimhiú ar bhriathar a thosaíonn ar f.
fág – d'fhág féach – d'fhéach
- ☛ Úsáidtear **níor** san fhoirm dhiúltach agus **ar** san fhoirm cheisteach.

Cuir na briathra seo san aimsir chaite.

ól rith tosaigh críochnaigh
ordaigh cabhraigh codail
cuir luaigh

Na briathra neamhrialta

Foghlaim fréamhacha na mbriathra seo a leanas agus beidh siad ina gcabhair mhór duit agus na haimsirí éagsúla á bhfoghlaim agat!

Abair	dúirt ní dúirt an ndúirt?
Beir	rug níor rug ar rug?
Bí	bhí ní raibh an raibh?
Clois	chuala níor chuala ar chuala?
Déan	rinne ní dhearna an ndearna?
Faigh	fuair ní bhfuair an bhfuair?
Feic	chonaic ní fhaca an bhfaca?
Ith	d'ith níor ith ar ith?



Tabhair	thug níor thug ar thug?
Tar	tháinig níor tháinig ar tháinig?
Téigh	chuaigh ní dheachaigh an ndeachaigh?

Líon isteach an fhoirm cheart de na briathra idir lúibíní sa sliocht thíos.

(Ceannaigh) Manchester United Cristiano



Ronaldo an samhradh seo caite. (Ní : cosain) sé mórán airgid, dar liom. (Díol) an club na mílte geansaí peile gan stró agus ainm Ronaldo orthu. (Imir) Ronaldo le Man U cúpla bliain ó shin freisin. (Buaigh) sé beagnach gach rud sa sacar go dtí seo. Is iontach an

peileadóir é!

Cluastuiscint (CD 4)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Ainm an chainteora	
Cad tá le déanamh chun teagmháil a dhéanamh leis?	
Píosa amháin eolais faoin tsraith	
Cathain a dhéanfar an chéad taifeadadh?	

Fógra a Dó

- 1 Cén eagraíocht lena bhfuil Doireann ag obair?

- 2 Céard dó a gcuirfidh na stáisiúin raidió maoiniú ar fáil?

- 3 Ainmnigh an chathair a luaitear.

- 4 Luaigh dhá cheann de na himeachtaí a bheidh ar siúl. _____

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- 1 Cén aois Cáit?

- 2 Cé hiad baill an teaghlaigh?

- 3 Cá dtéann sí féin ag siúl lena madra?

An Dara Mír

- 1 Luaigh caitheamh aimsire amháin atá aici.

- 2 Cén fhoireann a mbíodh Daid ag imirt léi?

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- 1 An mó dalta atá i scoil Dhónail?

- 2 Cén sórt grúpa a mbíonn sé ag seinm leis?

- 3 Cén tslí bheatha a bhfuil suim aige inti?

An Dara Mír

- 1 Cén dea-scéal atá ag Dónal?

- 2 Cad deirtear faoi Taylor Swift?

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

- 1 Cá fhad atá cúrsaí ag dul in olcas?

- 2 Mínigh an inní atá ar thionscal na gcarranna.

- 3 Cad deirtear faoi phraghsanna breosla?

Píosa a Dó

- 1 Cén eagraíocht náisiúnta a luaitear?

- 2 Cad a tharla le cúpla bliain anuas?

- 3 Céard faoi a bhfuil eagla ar dhaoine áirithe?

Drochlá san ionad oibre

An tráthnóna sin...i dteach Thiarnáin

Ach bhí ceamara ann. Chonaiceamar thú.

Thóg mé bileog do champa samhraidh, ach níor thóg mé aon airgead. Ní chreidim nach gcreideann tú mé.

Ba léir go raibh Tiarnán iontach míshásta gur cuireadh gadaíocht ina leith agus d'éirigh achrann idir an bheirt acu.

Ní raibh Daire in ann codladh an oíche sin. Chuaigh sé tríd an rud ar fad ina intinn arís agus arís eile.

Ní raibh an scipéad oscailte agus ní raibh sé éasca é a oscailt, go háirithe ón taobh eile den chuntar. An raibh Tiarnán ag insint na firinne?

An chéad mhaidin eile... bhí imní ar Dhaire ag dul isteach chun na hoibre.

An mbeidh na gardaí ann romham? An dtabharfaidh an bainisteoir bata agus bóthar dom?

Ní raibh aon gharda sa siopa roimhe agus ní raibh cuma chrosta ar an mbainisteoir ach oiread.

Cad é mar atá tú, a Dhaire?

Chuir sé iontas ar Dhaire gur lean sé ar aghaidh amhail is nár tharla aon rud an lá roimhe sin. Ar deireadh, chuir sé ceist ar an mbainisteoir.



Aon scéal faoin airgead a chuaigh ar strae inné?



Ó, é sin! Ba cheart dom téacs a chur chugat faoi sin. Nuair a bhí mé ag glanadh suas aréir tháinig mé ar dhuillín *VISA* a cuireadh isteach san áit mhícheart.

Tá an t-airgead ar fad ansin. Níor tharla aon ghadaíocht.



Bhí idir fhaoiseamh agus fhearg ar Dhaire. Faoiseamh nach mbeadh air é féin a mhíniú do na gardaí, ach fearg gur cuireadh an ghadaíocht i leith a charad.



Beidh obair mhór agam síocháin a dhéanamh le Tiarnán arís!



Ní raibh sé ag súil leis an gcomhrá sin!

Drochlá san ionad oibre



Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus sibh ag féachaint ar na pictiúir sa scéal grafach.

Freagraí na ceisteanna seo a leanas.

- 1 “Ach bhí ceamara ann. Chonaiceamar thú!” a dúirt Daire. Cad a bhí i gceist aige? Cad a thug air é son a rá, i do thuairimse?
- 2 Conas a mhothaigh Tiarnán nuair a chuala sé an chaint sn óna chara, dar leat?
- 3 Cén míniú a thug Tiarnán ar an scéal?
- 4 “Ní chreidim nach gcreideann tú mé,” arsa Tiarnán. Conas a mhothaigh sé, dar leat?

Cúpla tasc daoibh – obair bheirte

- Scríobhadh gach duine agaibh cuntas ar dhrochghníomh a cuireadh i do leith, nuair nach raibh baint ná páirt agat leis an drochghníomh sin.
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léigí an scéal os comhair an ranga.

Cuir críoch leis an scéal seo thíos.

- “Tá mé lánchinnte gur tusa a ghoid an t-airgead”, a dúirt an múinteoir liom. Ní mó ná sásta a bhí mé...



Ceisteanna eile le freagraí!

- 1 Conas a mhothaigh Daire nuair a chuala sé na focail sin (sa phictiúr) ón mbainisteoir, i do thuairimse?
- 2 An dóigh leat gur chaith an bainisteoir go deas le Daire? Cuir fáth amháin le do fhreagra.
- 3 An gceapann tú go raibh aon aiféala ar Dhaire féin? Mínigh do fhreagra.
- 4 Cad é do thuairim faoi bhainisteoir an tsiopa?
- 5 Conas a bhí cúrsaí cairdis idir Daire agus Tiarnán sa deireadh, dar leat?



Cluastuiscint (CD 3b)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Ainm an cheantar Gaeltachta	
Cé dóibh na cúrsaí?	
An teanga a labhraítear sna tithe	
Dhá cheann d'imeachtaí tráthnóna	

Fógra a Dó

- 1 Cé a bheidh ag earcú go luath?
- 2 An dáta a luaitear
- 3 Tabhair pointe amháin eolais faoin bpróiseas roghmaithe.
- 4 Cén chaoi ar féidir tuilleadh eolais a fháil?

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

- An Chéad Mhír
- 1 Ainmnigh slí bheatha Mhuiris.
- 2 Cén fáth ar thosaigh sé ag obair Le Cumann Naomh Uinseann de Pól?

- 3 Cá bhfuil cónaí ar Mhuiris?
- An Dara Mír
- 1 Luaigh fadhb amháin a bhíonn ag na bochtáin.
- 2 Céard a rinne an Cumann i mbliana?

Comhrá a Dó

- An Chéad Mhír
- 1 Cén chuma atá ar Laoise, dar le Niall?
- 2 Cad leis nach bhfuil Laoise sásta?
- 3 Cad deir sí faoi Mham agus Daid?
- An Dara Mír
- 1 'Níor scrúdú ceart é sin,' arsa Laoise. Cén fáth?
- 2 Cad deir Niall faoin scoil?

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

- 1 Cad ab ainm don fhear?
- 2 Conas a maraíodh é?
- 3 An mó deartháir agus deirfiúr a bhí aige?

Píosa a Dó

- 1 Cé atá 'ar deargbhuile'?
- 2 Cén contae ina bhfuil na Cruacha Dubha?
- 3 Cad deirtear faoi threoraithe deonacha?

Déanann an aimsir láithreach cur síos ar rudaí a dhéantar go rialta agus ar rudaí a tharlaíonn ó am go chéile.

go rialta gach lá gach maidin
ó am go chéile uaireanta go minic
anois is arís gach bliain

Imithe le craobhacha!

Ceiliúraimid go minic trí chiste a ithe nó trí bhronntanas nó bhláthanna a thabhairt.

Uaireanta eile ceiliúraimid le féasta nó le hócáid speisialta. Ach i gcathair Belo Horizonte, sa Brasaíl, le déanaí, tharla ceiliúradh thar a bhfaca tú riamh! Tugadh tatú do mhíle duine de chuid lucht leanúna *Clube Atlético Mineiro* nuair a bhuaigh siad Sraithchomórtas na Brasaíle den chéad uair ón mbliain 1971. 3-2 an scór a bhí ann sa chluiche a bhuaigh siad in aghaidh *Esporte Clube Bahia* ar 2 Nollaig 2021.



Bhí éileamh chomh mór sin ar na tatúnna gur thosaigh daoine ag déanamh scuaine thar oíche chun a bheith cinnte go bhfaighidís ceann. Istigh i Láthair MRV, staid *Clube Atlético Mineiro*, bhí tríocha ealaíontóir tatúnna ag fanacht chun tosú ar an obair. Bhí rogha idir cheithre thatú – tatú den trófaí a bhuaigh an fhoireann, tatú de choileach (sonóg an chlub) agus na focail ‘Bhuaigh Na Coiligh’ scríofa air – nó tatú de Láthair MRV.

Bhí na tatúnna saor in aisce, ach iarradh ar na daoine a fuair iad cileagram bia a thabhairt d’eagraíocht charthanachta mar bhuíochas.

le craobhacha = fiáin, ó/gan smacht

sraithchomórtas *league*

éileamh = tóir *demand*

scuaine = líne daoine **sonóg** *mascot*

Cúpla ceist duit

An dtaitníonn tatúnna leat?

An bhfuil ceann agat ort féin?

Tasc

Dear do thatú féin (ar pháipéar!)

dear *design*

Is olc a chreidim é!

An bhfuil tú craiceáilte faoi mhadraí? An bhfuil tú chomh craiceáilte sin go n-íocfá airgead do sheirbhís sruthaithe do mhadraí?



Is bealach 24/7 é *DOGTV*, a chraolann cláir do mhadraí chun iad a fhuascailt ó inní agus ó strus. Is é an aidhm atá ag cuid de na cláir ná spreagadh intinne a thabhairt do mhadraí i dtreo is nach mbeidh leadrán orthu! Baineann cláir eile le madraí a choimeád gan strus trí úsáid a bhaint as fuaimeanna agus radhairc shuaimhneasacha.

Bíonn an t-ábhar go léir a chraoltar bunaithe ar sheasca staidéir eolaíochta.

Sa bhliain 2012, shuiteáil Tearmann na nAinmhithe Escondido in San Diego *DOGTV* dá madraí! Caithfidh go gcreideann siad ann!

Is olc a chreidim é! = Is beag nach gcreidim é!

seirbhís sruthaithe *streaming service*

leadrán = leamhthuirse *boredom*


suiteáil = cuir ar bun *instal*

tearmann = dídean, cosaint

bealach = stáisiún, cainéal

suaimhneasach *soothing*

Crosfhocal



Trasna

- 1 leath as do mheabhair (11)
- 3 brú, teannas, dua (5)
- 6 rud a fheictear (7)
- 8 buairt (4)
- 9 rud a chloistear (5)
- 10 cuspóir

Síos

- 2 aigne, meon (6)
- 4 gríosú, múscailt (9)
- 5 gadhar, ainmhí a bhíonn mar pheata (5)
- 7 cuir ar an aer (5)

Freagraí san aguisín idirlín

Éachtaí Leanne

Is réalta atá ag teacht chun cinn í Leanne Kiernan. Tar éis di imirt ar dtús le Shelbourne agus ansin trí bliana a chaitheamh le *West Ham United* in Ard-Sraith na mBan, shínigh sí le *Liverpool FC* i Meitheamh na bliana 2021. Faoi Dheireadh Fómhair, ainmníodh í mar Imreoir Ban na Míosa do Chlub Peile Learphoill!

Tá ard-mholadh faighte cheana féin ag an mbean óg seo ón mbainisteoir, Matt Beard, a dúirt gur tosaí tréitheach agus tapa í, ar féidir léi scoráil taobh istigh agus taobh amuigh den bhosca.

Níl Leanne trí bliana is fiche d'aois fós agus is


cinnte go bhfeicfear an t-imreoir cumasach seo, ó Chontae an Chabháin, go minic as seo amach. Bígí ag faire amach do gheansaí uimhir a naoi!

éacht = gníomh gaisce *feat*

Ard-Sraith *Super League*

tréitheach = mianach *of high calibre*

cumasach = láidir *powerful*



Fíor nó Bréagach?

- 1 Shínigh Leanne le Shelbourne.
- 2 Is í Leanne Imreoir Ban na Míosa seo.
- 3 Mhol Matt Beard Leanne go hard na spéire.
- 4 Caitheann Leanne geansaí uimhir a trí.

Trioblóid romhainn?

Tá ceithre thír ar fad tar éis satailít a phléascadh sa spás – an Rúis, an tSín, na Stáit Aontaithe agus an India. Tharraing tír amháin díobh cáineadh mór uirthi féin le déanaí mar gheall air seo. Dúradh gur chuir an smionagar a chruthaigh an phléasc criú an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta i mbaol. Bhí ar an gcriú fanacht istigh sa stáisiún ar feadh dhá uair an chloig chun fanacht slán.

Deirtear go bhfuil níos mó ná céad milliún píosaí beaga de smionagar spáis ann cheana féin. Taistealaíonn an smionagar seo ar luas 25,265 chiliméadar san uair agus fithisíonn sé an domhan timpeall cúig huaire déag sa lá. Aon smionagar spáis atá faoi 600 ciliméadar ó dhomhan, titfidh sé go talamh taobh istigh de chúpla bliain! Smionagar atá os cionn 1,000 ciliméadar ón domhan, ciorclóidh sé ar feadh céid!



Dealraíonn sé go bhfuilimid ag déanamh praiseach ghlan den phláinéad seo agus den spás timpeall thart orainn freisin!

pléasc *explosion* **smionagar** = píosaí briste
fithisigh *orbit* **céad** = céad bliain
praiseach *mess*

Déan taighde

Lainseáladh Teileascóp Spáis James Webb ar 25 Nollaig 2021.

- Faigh amach cá bhfuil sé anois.
- Scríobh cúig phointe eolais faoina thuras go dtí seo.

Cruinneachán aeir!

Cá bhfuil Cluain an Churraigh agus cad é seo faoi chruinneachán aeir ann?

Tá Cluain an Churraigh suite i bparóiste Bhéacáin, Contae Mhaigh Eo agus tá an áit ag tarraingt airde uirthi féin, mar tógadh an cruinneachán aeir is mó don spórt ar domhan ann le déanaí.

Tá Ionad Bairr Feabhais cheana ag Cumann Lúthchleas Gael Chonnacht i mBéacán.

Ar an tríú lá d'Eanáir 2022 imríodh an chéad chluiche de chuid an Chumainn idir Contae Liatroma agus Contae Shligigh ar an bpáirc peile lánmhéide istigh sa chruinneachán aeir inséidte. Is féidir le dhá mhíle duine suí istigh chun féachaint ar chluiche, ach bhí slua ní ba lú ann don chluiche sin de bharr srianta COVID.

I measc na n-áiseanna eile ann, tá raon reatha tríocha méadar, giomnásiam lánfheistithe agus seastán inaistrithe. Tá an teicneolaíocht is déanaí ann chun stiúir a choiméad ar an teas, ar aerbhrú, ar bhogthaise agus ar shoilsíú.



Seachas traenáil agus cluichí CLG, úsáidfear an cruinneachán aeir do thaispeántais, cheolchoirmeacha agus chomhdhálacha le spás do fiche míle duine. Meastar gur chosain an tionscadal €3.1 milliún agus go seasfaidh sé ar feadh daichead bliain.

cruinneachán = cuach *dome*
Cluain an Churraigh *Cloonacurr (Co, Mhaigh Eo)*
Ionad Bairr Feabhais *Centre of Excellence*
inséidte *inflatable*
lánfheistithe *fully equipped*
inaistrithe = soghluaiste *movable*
bogthaise *humidity*
tionscadal = tionscnamh
comhdháil = ollchruinniú *convention*

Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile.

- 1 An mbeadh suim agat dul chun an cruinneachán aeir a fheiceáil?
- 2 An dóigh leat go bhfuil an cruinneachán aeir níos fearr ná gnáthpháirc imeartha? Mínigh do fhreagra.
- 3 An mbainfear mórán úsáide as an gcruinneachán, i do thuairim?

Mearfhaisean!

Cad a dhéanann tú leis na baill éadaigh nach maith leat nó nach n-oireann duit a thuilleadh? An ndíolann tú iad mar éadach seanré? An dtugann tú iad chuig siopa carthanais? An ngearrann tú suas iad chun baill éadaigh eile a chruthú?



Is cinnte go bhfuil daoine áirithe eolach ar an mbaint atá idir an timpeallacht agus an tionscal éadaigh agus a bhíonn cúramach nuair a fhaigheann siad réidh lena gcuid sean-éadaigh

Gach bliain i nGaineamhlach Atacama, sa tSile, dumpáiltear 39,000 tonna de bhaill éadaigh nach féidir a dhíol. Tá carn i ndiaidh cairn éadaigh le feiceáil, an chuid is mó díobh tocsaineach agus a thógfaidh dhá chéad bliain le bith-dhíghrádú.

An fiú an mearfhaisean?

mearfhaisean *fast fashion*

ball éadaigh *article of clothing*

éadach seanré *period clothing*

gaineamhlach = fásach gainmheach *sandy desert*

bith-dhíghrádaigh *biodegrade*

tocsaineach *toxic*

Líon na bearnaí leis an bhfocal ceart ón liosta seo atá faoi chló iodálach.

tocsaineach siopaí carthanais

athdhíoltar dumpáilte

- 1 _____ baill éadaigh mar éadach seanré.
- 2 Tugann roinnt daoine baill éadaigh chuig _____.
- 3 Tá tonnta de bhaill éadaigh _____ i nGaineamhlach an Atacama.
- 4 Loiteann seanéadach an gaineamhlach, mar bíonn sé _____.

An peann is sine in Éirinn!

Fuair seandálaí an peann dúigh is sine in Éirinn le linn tochailte sa Bhoirinn, Contae an Chláir i mí na Nollag anuraidh.



I gcaiseal a tógadh sa deichiú haois a fuarthas an peann sin, a rinneadh as cnámh le gob chóimhiotal copair. Ba é sin an peann dúigh ba luaithe in Éirinn.

Cleití a d'úsáidtí go forleathan sa deichiú haois, ach seans go ndéantaí scríbhinn mhín – mar shampla, línte, leis an bpeann seo.

Bhí amhras ar an seandálaí An Dochtúir Michelle Comber faoi éifeacht an phinn agus chruthaigh sí féin agus seandálaí eile macasamhail de chun a bheith cinnte. Peann dúigh a d'oibrigh i gceart mar thumpheann a bhí ann ceart go leor!

seandálaí *archaeologist*

peann dúigh *ink pen*

tochailt = rómhar *digging*

caiseal = caisleán

gob nib **cóimhiotal** *alloy metal*

scríbhinn = scríbhneoireacht

macasamhail = ceann/rud cosúil leis

tumpheann *dip pen*

Fuasclaí na hanagram seo ón sliocht!

íaládnaes ttoaihcl aaiecsl mnntuhpea
áhmnc cliíce
liamhasacam

Freagraí san aguisín idirlín

Fás as cuimse!

Tá fás thar na bearta tar éis teacht ar *Spotify* le cúpla bliain anuas. Dá bhrí sin, tá campas nua le trí fhoirgneamh aimsithe acu i ngnócheantar Los Angeles. *Pod City* is ainm don champas sin.



Tá 18 stiúideo podchraolta ann – chomh maith le hamharclann, stáitse agus áit faoi leith inar féidir le ceoltóirí a bheith ag útamáil le huirlisí seanré.

“Tá an tionscal sruthaithe suite in Los Angeles,” a dúirt Courtney Holt, ceannaire domhanda phodchraoltaí *Spotify*. As seo amach déanfar taifeadadh ar phodchraoltaí uile an domhain in *Pod City*.

Bunaíodh *Spotify* sa tSualainn sa bhliain 2006, mar sheirbhís ceol-shruthaithe, ach díríodh ar phodchraoltaí trí bliana ona dhiaidh sin.

thar na bearta = as cuimse

seanré = sean-am, am fadó

tionscal sruthaithe *streaming industry*
podchraoladh *podcast*

Cúpla ceist

Ar úsáid tú Spotify riamh? Mínigh
An bhfuil buntáistí ag baint leis? Cad iad?

Feagra na ceiste?

Lá amháin ar neamh, d'fhéach Dia thart timpeall air féin. Bhí na sluaite daoine os a chomhair agus iad go léir sona sásta gur shroich siad na flaithis. Theastaigh ó Dhia labhairt le duine amháin chun eolas a fháil faoi chúrsaí an domhain. Chonaic sé bitheolaí agus chuaigh sé chun cainte leis.

“Fáilte romhat ar neamh!”, arsa Dia.

“Go raibh míle maith agat, a Dhia. Tá áthas an domhain orm a bheith anseo agus is mór an onóir dom bualadh leat”, arsa an bitheolaí.

“Conas tá cúrsaí thíos ansin?”, arsa Dia, ag síneadh a mhéire i dtreo an domhain.

“Cuibheasach”, arsa an bitheolaí.

“An bhfuil aon chréatúir speisialta fágtha ann?”, arsa Dia.

“Tá, go deimhin”, arsa an bitheolaí.

“Inis dom fúthu, le do thoil.”





“Ní thuigimse é sin in aon chor”, arsa Dia.

“Ní thuigeann éinne ar talamh é.”, arsa an bitheolaí, “agus ba bhreá le bitheolaithe taighde a dhéanamh air. Ba bhreá liomsa an freagra a fháil!”

“Cuirfidh mé duine síos go domhan chun an taighde sin a dhéanamh.”, arsa Dia.

Agus saolaíodh David Attenborough!

cáiréiseach = cúramach


piarghrúpa *peer group*

cancrach = agóideach *cantankerous*

finneach *male* **baineannach** *female*

saolaíodh = rugadh

Crosfhocal eile daoibh!



Trasna

- 1 cúramach (11)
- 4 céim, gradam sa tsochaí (6)
- 6 ag amharc, ag féachaint, ag breathnú (2,5)
- 9 duine i gceannas (9)
- 10 na flaithis (5)
- 11 spéisíúil (8)
- 12 cinnte (7)

Síos

- 1 réasúnta, measartha (11)
- 2 scata daoine ar aon leibhéal sa tsochaí (10)
- 3 saineolaí a dhéanann staidéar orgánaigh bheo (9)
- 5 rud beo, dúil bheo, neach beo (7)
- 7 cas ar (5,2)
- 8 pribhléid, oineach (5)

Freagraí san aguisín idirlín

“*Adolescentis monosyllabicus* is ainm do na créatúir is suimiúla. Bíonn bitheolaithe ag faire orthu go cáiréiseach. Bailíonn siad i bpiarghrúpaí agus léiríonn siad meon an phaca. Troideann siad eatarthu féin chun stádas a bhaint amach. Nuair a cheaptar an ceannaire, leanann siad a shampla agus cóipeálann siad a iompar. I rith an lae bíonn siad cneasta lena chéile, ach san oíche bíonn cuid acu cancrach agus ocrach. Bíonn siad i gcónaí ag tóraíocht bia, go háirithe rudaí siúcru. Is aoibhinn leo codladh agus ní eiríonn siad go luath ar maidin.”

“Tá sé sin an-suimiúil ar fad”, arsa Dia. “Conas a réitíonn siad le créatúir eile?”

“Ceist an-mhaith!” arsa an bitheolaí. “Is fearr leo fanacht ina bpiarghrúpaí. Foghlaimíonn siad cleasa óna chéile agus cloistear iad ag gáire go minic eatarthu féin. Níl suim acu ina dtuismitheoirí, ach fanann siad ciúin má bhíonn siad timpeall orthu. Is breá leis na fireannaigh am a chaitheamh leis na baineannaigh, go háirithe ó thrí bliana déag d’aois ar aghaidh. Scuabann siad a gcuid gruaige fiú agus níonn siad iad féin go cúramach nuair a bhíonn seans acu bualadh le chéile. Rud an-ait a thug bitheolaithe faoi deara ná go gclúdaíonn cuid de na baineannaigh iad féin i ndath an oráiste sula mbuaileann siad le fireannaigh!”

Tráth na gceist

Obair foirne

Tabharfaidh Tráth na gCeist anseo cleachtadh daoibh ar úsáid uimhreacha i nGaeilge. Bígí cinnte go dtugann sibh gach freagra amach os ard. Beidh an bua ag an bhfoireann is gaire don uimhir i ngach cás.

- 1 Cé chomh hard is a bhí an bhean ab airde a mhair riamh?
- 2 Cé chomh beag is a bhí an fear ab ísle a bhí ann riamh?
- 3 Cé chomh trom is a bhí an duine ba throime riamh?
- 4 Cé chomh sean is a bhí an cóála ba shine a coinníodh i ngéibheann?
- 5 Cé chomh fada is a bhí an sleamhnán uisce ab fhaide riamh?
- 6 An mó duine a ghlac páirt sa chlibirt ba mhó ar domhan riamh?
- 7 Céard é an líon ba mhó maratón a rith fear in aon bhliain amháin?
- 8 Céard é an tréimhse ab fhaide a chaith duine sa chianspás gan bhriseadh?
- 9 Cé mhéad méadar páipéir a bhí sa litir ab fhaide a scríobhadh riamh ?
- 10 Cé mhéad a chosnaíonn an *hot dog* is costasaí i Meiriceá?



An Teanga Rúnda (scannán)

Tá an ceacht seo bunaithe ar an ngearrscannán, *An Teanga Rúnda*, atá ar fáil sa Chód QR thíos.



Sula mbreathnaíonn tú ar an scannán – Is scéal é faoin gcaidreamh idir athair agus mac.

- Is caidreamh an-tábhachtach é an caidreamh idir athair agus mac. Déan plé gairid sa rang faoin bhfáth a bhfuil an caidreamh sin tábhachtach.
- Tá roinnt mhaith scannán ann a dhéanann scrudú ar an gcaidreamh idir aithreacha agus mic. Ina measc, tá *The Lion King*, *Star Wars*, *Indiana Jones and The Last Crusade* agus *Finding Nemo*. An bhfuil aon cheann acu feicthe agat? Cén léiriú a dhéanann na scannáin sin (nó aon cheann eile atá feicthe agat) ar an gcaidreamh idir aithreacha agus mic?

caidreamh = teagmháil, cumarsáid, gaol

Beidh na focail agus na frásaí seo le cloisteáil agat le linn an scannáin. Bain úsáid as d'fhoclóir agus déan plé le daoine eile sa rang chun a m brí a aimsiú:

gníomhaire rúnda is binn béal ina thost
eachtra dallamullóg bagairt
in amhras athchlárú dúr



Ag breathnú ar an scannán –

Féach ar an scannán ó thús go deireadh!

- Cén tuairim atá agat faoin scannán seo? (suimiúil, greannmhar, brónach, páistiúil, etc.)
- Luaigh rud amháin a thaitin leat faoin scannán agus rud amháin nár thaitin leat.

“Is bealach é saol an ghníomhaire rúnda ag James agus ag a Dhaid chun éalú ó na trioblóidí atá acu.” An aontaíonn tú leis an tuairim sin? Cén fáth?

Déan liosta de na bealaí eile a bhíonn ag daoine chun éalú tamall óna gcuid fadhbanna?

Féach ar an scannán arís agus freagair na ceistanna seo:

- 1 Tá cuid mhór fuaimeanna le cloisteáil sa chéad 20 soicind den scannán. Cén t-atmaisféar a chruthaíonn siad?
- 2 Cén t-ainm a thugann na páistí eile ar scoil ar James?
- 3 Cén chaoi ar chaill James a dhá fhiacail tosaigh?
- 4 Dar le James, cén post atá ag a athair?
- 5 Cén fáth, dar le James, nach bhfuil sé dúr?
- 6 Cén áit a bhfaca James Fear na dTrí Méar den chéad uair?
- 7 Conas a chosnaíonn James agus a athair Mam ó dhainséar?
- 8 Cén fáth, dar leat, a nglacann James a lán gri anghraf?
- 9 Cad a d’úsáid James le hionsaí a dhéanamh ar Fhear na dTrí Méar?
- 10 Cén scéal a bhí ag an ngarda san ospidéal?
- 11 Cén fáth nach dteastaíonn ó Dhaid labhairt faoina shaol mar ghníomhaire rúnda a thuil leadh, dar le James?
- 12 Cad a tharla d’Fhear na dTrí Méar ag an deireadh?

Bí Cruthaitheach!

Anois agus machnamh déanta agat ar an scannán, roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí thíos chun a bhfuil foghlamtha agat a léiriú.

- Cruthaigh postaer le crochadh sa scoil, a mhíníonn an dochar a bhaineann leis an mbu laíocht nó leis an ólachán.
- Scríobh script agus léirigh sceitse gairid faoin mbu laíocht.
- Cruthaigh méim bunaithe ar an scannán seo.
- Scríobh dán nó amhrán faoin gcaidreamh a bhíonn idir athair agus mac.
- Scríobh léirmheas ar an scannán do shuíomh idirlín na scoile.
- Samhlaigh gur tuairisceoir thú agus go bhfuil agallamh á chur agat ar James. Scríobh an comhrá a bheadh agaibh.

méim *memo*

Machnamh ar an scannán –

Tá samplaí de bhulaíocht agus de thionchar an ólacháin le feiceáil sa scannán seo. Cad iad agus cá bhfuil siad le feiceáil?

Nóta: Neart le léamh agus tuilleadh eolais san aguisín idirlín!